



An Bhruiséil, 12 Márta 2018
(OR. en)

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2016/0360 (COD)

2016/0361 (COD)

2016/0362 (COD)

2016/0364 (COD)

6921/1/18
REV 1

EF 66
ECOFIN 220
DRS 13
CCG 8
CODEC 336

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	An pacáiste baincéireachta - <i>Cur chuige ginearálta</i>

I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 17 Meitheamh 2016, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le treochlár chun an t-aontas baincéireachta a chomhlánú, inar leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le laghdú riosca agus bearta comhroinnte riosca a shaothrú in ord iomchuí.
2. De bhun Threochlár 2016 na Comhairle, chuir an Coimisiún i láthair, ar an 23 Samhain 2016, pacáiste de thograí reachtacha baincéireachta (an “pacáiste baincéireachta”) ina bhfuil leasuithe ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR), ar an Treoir um Cheanglais Chaipitil (CRD), ar an Treoir maidir le Téarnamh agus Réiteach na mBanc (TTRB) agus ar an Rialachán maidir leis an Sásra Aonair Réitigh (“SRMR”).

3. Tháinig an Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais le chéile 37 uair le linn Uachtaránacht na Slóvaice, Uachtaránacht Mhálta, Uachtaránacht na hEastóine, agus Uachtaránacht na Bulgáire chun grinnscrúdú a dhéanamh ar na tograí maidir leis an bpacáiste baincéireachta.
4. Ar an 7 Márta, phléigh Coreper na comhréitigh ón Uachtaránacht do na téacsanna dlíthiúla maidir le CRR, CRD, TTRB agus SRMR, mar a leagtar amach iad i 6614/18, 6615/18, 6616/18 agus 6617/18, faoi seach, ar bhonn nóta ón Uachtaránacht lena leagtar amach na trí shaincheist pholaitiúla atá fós gan réiteach sula bhféadfar cur chuige ginearálta a bhaint amach.
5. Is iad seo a leanas na trí shaincheist atá fós gan réiteach: an bealach chun an t-athbhreithniú bunúsach ar an leabhar trádála a chur chun feidhme go hiomlán, fo-ordú ICDI agus raon feidhme CRR/CRD.
6. Agus aird á tabhairt ar an bplé ag Coreper agus, ag an am céanna, cothromaíocht fhoriomlán an phacáiste á coinneáil, molann an Uachtaránacht an cur chuige a leagtar amach thíos, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na trí shaincheist atá fós gan réiteach.

II. SAINCHEISTEANNA GAN RÉITEACH

A. AN T-ATHBHREITHNIÚ AR AN LEABHAR TRÁDÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

Leagtar amach sa **Bhun-athbhreithniú ar an Leabhar Trádála ("BALT")** na caighdeáin idirnáisiúnta nua is infheidhme do bhainc i dtaca le caipiteal na mbanc le haghaidh riosca an mhargaidh, mar a chomhaontaigh Coiste Basel in 2016. Is é is caighdeáin chaipitil i gcomhair riosca an mhargaidh ann an tsuim nach mór do na bainc a chur go leataobh mar chosaint ar chaillteanais fhéideartha a thiocfadh as a gcuid gnóthaí trádála, sin é le rá cosaint ar an riosca go dtiocfadh athrú ar luach cothromais, ar riosca malairte eachtraí, riosca ráta úis, etc. Ba é ba chuspóir don Phacáiste Baincéireachta nuair a ghlac an Coimisiún é an chéad uair BALT a chur chun feidhme i ndlí an Aontais i gcomhréir le caighdeáin 2016 choiste Basel, agus tacar de shonraíochtaí de chuid an Aontais a chur san áireamh.

7. I mí na Nollag 2017, d'fhoilsigh Coiste Basel ráiteas inar fógraíodh moill trí bliana go gcuirfi chun feidhme an bun-athbhreithniú ar an leabhar trádála. Creideann an Coiste nach leor anois cuid de na ríomhanna caipitil a leagadh amach i gcaighdeáin na bliana 2016 agus is mian leis athbhreithniú críochnúil a dhéanamh orthu faoi mhí Nollag na bliana 2018.
8. Ós amhlaidh atá, ba é tuairim na hUachtaránachta nárbh iomchuí BALT a chur chun feidhme faoi mar a leagadh amach i dtús aimsire sin sa Phacáiste Baincéireachta ó tharla go gceanglófaí ar na hinstiúidí ceanglais a shásamh a bheifí a athrú sa ghearrthéarma.
9. Dá bhrí sin, tá an comhréiteach seo á chur ar aghaidh ag an Uachtaránacht chun BALT a chur chun feidhme ar bhealach a chuireann san áireamh an mhoill a d'fhógair Coiste Basel i mí na Nollag 2017, a thugann a ndóthain ama do na hinstiúidí iad féin a ullmhú roimh na ceanglais nua chaipitil le haghaidh riosca an mhargaidh, agus a thugann le fios go neamhbhalbh do na geallsealbhóirí idirnáisiúnta go bhfuil an tAontas Eorpach fós tiomanta do chur chun feidhme iomlán BALT a thúsce a bheidh na caighdeáin ullamh. Maidir le moladh na hUachtaránachta, a bhfuil léiriú dá réir le fáil air i dtéacs comhréitigh an Rialacháin maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR), is mar seo a leanas dó:
 - a) gan an BALT a thúsualú mar cheanglas tuairiscithe ach le linn do Choiste Basel a bheith i mbun athbhreithnithe. Ceanglófar, le linn na tréimhse tosaigh sin, ar instiúidí na ríomhanna caipitil a dhéanamh agus tuairisc ar na suimeanna sin a thabhairt dá gcuid maoirseoirí, ach ní bheidh aon dualgas orthu méid an chaipitil arna ríomh de bhun na ríomhanna sin a bheith ina seilbh ná na ríomhanna sin a chur in iúl don mhargadh;
 - b) an chuid sin den BALT atá faoi réir athbhreithniú i láthair na huaire a bhaint as an dréachtRialachán leasaitheach maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR), agus sainordú a thabhairt don Choimisiún iad a chur ar ais sa Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR) trí bhíthin gníomh tarmligthe in 2019. Ní chuirfear tús le haon tuairisciú nó go dtaga an gníomh tarmligthe i bhfeidhm;

- c) a iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil a thíolacadh faoi dheireadh na bliana 2020, i dteannta togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, chun an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR) chun ceanglas lánfheidhme caipitil a dhéanamh as na ceanglais tuairiscithe sin. Ní bheidh sé de cheangal ar institiúidí BALT a chomhlíonadh ach amháin ar bhonn na reachtaíochta nua; agus
- d) go dtí sin, coinneofar an creat reatha maidir le riosca an mhargaidh, atá i bhfeidhm faoin Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR), ionas go gcomhlíonadh na h-institiúidí é.
10. Ag an gcruinniú Coreper, chomhaontaigh na Ballstáit leis an bprionsabal nach mbeadh ar institiúidí BALT a shásamh mar cheanglas caipitil nó go mbeadh an t-athbhreithniú déanta ag Coiste Basel agus, dá réir sin, gur cheart BALT a thúsualú mar cheanglas tuairiscithe, agus mar sin amháin, agus nach leasófaí an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR) go tráth is faide anonn trí bhíthin togra leasaitheach de chuid leibhéal 1. Chomhaontaigh roinnt Ballstát leis an togra ón Uachtaránacht.
11. Níor chomhaontaigh Ballstáit eile leis i ngeall ar imní faoi gníomh tarmligthe a úsáid chun cuid den cheanglas tuairiscithe a fhorlíonadh, ar cuid shuntasach í dár leo. Ina ionad sin, mhol na Ballstáit sin an téacs BALT a choinneáil ina iomláine ar leibhéal 1, mar a comhaontaíodh faoin Uachtaránacht EE, leis na ríomhanna rialála caipitil uile atá ann agus a chur de cheangal ar institiúidí tuairisciú a dhéanamh maidir leis na ríomhanna sin go dtí go tabharfar isteach iad mar cheanglas caipitil trí leasú leibhéal 1 ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR). Na Ballstáit a thacaíonn leis an gcur chuige sin, tá imní orthu go ndéanfaí, agus leas á bhaint as gníomh tarmligthe, an bonn a bhaint den dul chun cinn a rinneadh maidir le BALT faoi Uachtaránacht na hEastóine. Ní raibh toscaireachtaí eile in ann glacadh leis an gcur chuige sin, áfach, toisc go mbeifí, mar thoradh air, ag tuairisciú ar fhigiúirí a bheadh as dáta.

B. AN T-ÍOSCHEANGLAS MAIDIR LE CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS
INCHÁILITHE (ICDI) A FHO-ORDÚ

I Samhain na bliana 2015, ghlac an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB) caighdeán maidir le hAcmhainneacht an Ionsúcháin Iomláin Chaillteanais (TLAC) do bhainc a bhfuil tábhacht shistéamach dhomhanda leo (G-SIBanna). Is é is aidhm dó foráil a dhéanamh le haghaidh cumas leordhóthanach ionsúcháin caillteanas tráth a dteipeann ar bhainc.

12. Tá an caighdeán TLAC le cur chun feidhme ar an 1 Eanáir 2019. Tá molta ag an gCoimisiún go ndéanfaí TLAC a thrasú mar cheanglas um chaipiteal éigeantach agus fiachas fo-ordaithe sa Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (CRR). Beidh gá freisin creat reatha ICDI a ailíniú le TLAC. Ba cheart an discríd a bheith ag na húdaráis réitigh ceanglais bhreise um chaipiteal éigeantach agus fiachas fo-ordaithe a cheangal ar G-SIBanna, agus ar bhainc eile, a shásófar trí bhithin ionstraimí arb incháilithe ICDI ina leith agus ar féidir leo a bheith fo-ordaithe nó neamh-fho-ordaithe.
13. Ba cheart go bhforálfaí, le méid (cainníocht) foriomlán ICDI, mar aon le leibhéal fo-ordúcháin an fhiachais incháilithe, d'acmhainneacht iomchuí ionsúcháin chaillteanais agus d'athchaipitliú bainc.

Ionstraimí iad **na hionstraimí fo-ordaithe** a dheartar chun go ndéanfar tarrtháil inmheánach orthu chun cinn ar dhliteanais shinsearacha. Mar go mbíonn riosca níos mó ann go dtarlódh caillteanais, bíonn costas níos mó ar na bainc ionstraimí fo-ordaithe den chineál sin a eisiúint.

14. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí ICDI a dheighilt ina "cheanglas" agus ina "threoir". Mhol an Coimisiún coincheap na teorach MREL d'fhonn dréimire comhréireach na mbeart idirghabhála a bhunú a bheadh ar fáil do na húdaráis réitigh nuair a tharlódh sárú ar ICDI. Dá bhrí sin, chuirfí srianta ar dháileacháin lánroghnacha (e.g. díbhinní agus luach saothair inathraithe) i bhfeidhm ag céim níos déanaí nuair a shroicheadh an sárú ar ICDI leibhéal áirithe.

15. Sa chomhthéacs sin, pléadh trí cheist ag Coreper: solúbthacht maidir leis an leibhéal fo-ordúcháin a shocrú, raon feidhme an fho-ordúcháin éigeantaigh agus idirthréimhsí.

i. Solúbthacht i dtaca leis an leibhéal fo-ordúcháin a shocrú

16. Mhol an Coimisiún an rogha a bheith ag na húdaráis réitigh fo-ordú a cheangal do ICDI i gcás inar ghá sin lena áirithiú nach gcaithfí ar bhealach ba mheasa le creidiúnaithe sa réiteach ná mar a chaithfí leo i nósanna imeachta dócmhainneachta. An prionsabal *ní measaide aon chreidiúnaí* (NCWO) a thugtar air sin.
17. Ionas go gcuirfear san áireamh na húdair inní a bhí ag na Ballstáit a d'iarr ceanglais níos déine agus tuilleadh den tsolúbthacht do na húdaráis réitigh, tá molta ag Uachtaránacht na Bulgáire go mbainfí prionsabal na 'treorach' agus go gcuirfí an maolán muiníne margaidh (MCB) isteach faoin gceanglas ICDI. Ina theannta sin, ó tharla go bhféachtar sa phacáiste seo le baol riosca a laghdú, tá molta ag Uachtaránacht na Bulgáire níos mó den tsolúbthacht a thabhairt do na húdaráis réitigh i dtaca le leibhéal an mhaoláin muiníne margaidh a shocrú.

Is é rud é an Maolán Muiníne Margaidh an chuid sin den cheanglas ICDI darb aidhm caoi a thabhairt don institiúid coinneáil uirthi ag feidhmiú agus dóthain de mhuinín an mhargaidh a bheith aici tar éis an réitigh.

18. Agus an ceanglas ICDI á leagan síos aige, ba cheart a chur de cheangal ar an údarás an riail i dtaca le 8% de dhliteanais iomlána agus de chistí dílse (TLOF) a chur san áireamh chun rochtain a fháil ar an gCiste Réitigh. Chun na ceanglais níos airde seo a chúiteamh, tugadh solúbthacht oiriúnaithe do na hÚdaráis Réitigh a mhéid a bhaineann le srianta a chur ar dháileacháin lánroghnacha nuair a shroichtear leibhéil ICDI.

ii. Fo-ordú éigeantach do na bainc Ardleibhéil agus do GSIIanna

19. Tá fóscheanglas nua um fho-ordú éigeantach do na bainc Ardleibhéil tugtha isteach ag Uachtaránacht na Bulgáire (ag a mbíonn clár comhardaithe comhdhlúite os cionn EUR 75 bn ar leibhéal an ghrúpa réitigh). Leis an íosráta sin, áirithítear go mbeidh íosleibhéal fo-ordaithe ag institiúidí den chineál sin bunaithe ar mholtaí ón Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE). Mhol Ballstát amháin, le tacaíocht ó Bhallstáit éagsúla eile, gur cheart d'údaráis réitigh na coinníollacha níos doichte, a fhoráiltear do na bainc ardleibhéil do bhainc eile, a fhorchur bunaithe ar choinníollacha áirithe a leagtar amach i dtéacs leibhéal 1.
20. Le leasuithe na hUachtaránachta ar an gcreat fo-ordaithe, díritear ar an dá Bhallstát sin a shásamh ar mhian leo go mbeadh na húdaráis réitigh in ann lánrogha leathan a bheith acu fo-ordú breise a chur de cheangal do GSIIanna agus do na Bainc Ardleibhéil, agus na Ballstáit sin a d'iarr go mbeadh roinnt cosaintí agus cúlstopanna ann maidir leis an méid ICDI fo-ordaithe a fhéadfaidh na húdaráis réitigh a chur de cheangal ar institiúidí.
21. Measann an Uachtaránacht gurb éard a bheadh i gceist leis an gcothromaíocht iomchuí lánrogha do na húdaráis réitigh fo-ordú breise de 8% de dhliteanais iomlána agus de chistí dílse (TLOF) nó de mhéid bunaithe ar phróifíl riosca na n-institiúidí a chur de cheangal, cibé acu is airde. Is leithne an lánrogha do GSIIanna agus do na Bainc Ardleibhéil. I gcás na mbanc eile uile, beidh an lánrogha bunaithe ar mheastóireacht ar shárú féideartha an phrionsabal NCWO agus suas go dtí na leibhéil chéanna (8% TLOF nó an fhoirmle, cibé acu is airde). Ina theannta sin, féadfar leibhéil níos airde fo-ordaithe a chur de cheangal i gcás na mbanc is mó riosca nó i gcás inar sainaithníodh baic shubstaintiúla ar inréititheacht (bainc asluiteacha mar a thugtar orthu).

iii. Idirthréimhsí

22. Measann an Uachtaránacht gur cheart dóthain ama a dheonú d'institiúidí chun go mbeidh ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar easnaimh fhéideartha na n-ionstraimí incháilithe do ICDL. Leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht, foráiltear, freisin, do sholúbthacht do na húdaráis comhlíonadh a chur de cheangal tráth is luaithe na deireadh na n-idirthréimhsí, i gcás ina mbíonn bonn cirt leis sin.
23. Ba cheart na cinntí críochnaitheacha a dhéanamh maidir leis na hidirthréimhsí, áfach, de réir thoradh na gcinntí polaitiúla maidir le calabrá agus fo-ordú ICDL.

C. DÍOLÚINTÍ Ó RAON FEIDHME CRR/CRD

24. Faoi Airteagal 2 (5) reatha de CRD tá roinnt eintiteas dlíthiúil ann atá díolmhaithe go sainráite ó CRD agus ó CRR araon, agus, dá bhrí sin, ón gcreat réitigh. Is éard atá sna heintitis dhlíthiúla sin, den chuid is mó, comhair chreidmheasa agus baine le haghaidh spreagtha agus forbartha. In éagmais díolúine, cháileoidís mar "institiúidí creidmheasa" lena gceanglófaí ceadúnú agus maoirseacht faoi CRR/CRD dá bharr.
25. D'iarr trí Bhallstát go gcuirfí a mbanc náisiúnta forbartha le liosta na ndíolúintí, rud ar thacaigh formhór mór na mBallstát leis. Bhí tacaíocht mhór ann freisin chun na comhair chreidmheasa ó dhá Bhallstát a dhíolmhú ar mhaithe le comhleanúnachas le comhair chreidmheasa eile atá díolmhaithe cheana.
26. Bhí iarraidh déanta ag Ballstát eile go ndéanfaí 14 bhanc le haghaidh spreagtha a dhíolmhú (banc náisiúnta amháin agus 13 bhanc réigiúnacha). Maidir leis an mBallstát sin, tá banc náisiúnta le haghaidh spreagtha aige atá díolmhaithe Ó CRR/CRD cheana. Níor éirigh leis an Meitheal teacht ar chomhaontú maidir leis an iarraidh sin. Bhí cuid de na Ballstáit i bhfabhar an díolúine a dheonú ina hiomláine agus cuid eile i bhfabhar gan í a dheonú in aon chur don Bhallstát sin.

III. CONCLÚID

27. Iarrtar ar an gComhairle:

A. BALT A CHUR CHUN FEIDHME

- cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige i leith ceanglais tuairiscithe BALT a thúsualú, tríd an mbealach seo a leanas:
 - i) trí ghníomh tarmligthe bunaithe ar fhigiúirí deiridh Basel, mar a mhol an Uachtaránacht; nó
 - ii) arna bhunú ar na ríomhanna reatha mar atá leagtha amach sa Tuarascáil ar dhul chun cinn ó Uachtaránacht na hEastóine, mar atá molta ag cuid de na toscaireachtaí.

B. AN tÍOSCHEANGLAS MAIDIR LE CISTÍ DÍLSE AGUS DLITEANAIS INCHÁILITHE (ICDI) A FHO-ORDÚ

- teacht ar chomhaontú maidir leis an gcomhréiteach arna thíolacadh agus, ag an am céanna, cinneadh a dhéanamh maidir leis na hítimí idir lúibíní cearnógacha thíos:
 - a) Fo-ordú éigeantach do GSIIanna leis an gcaighdeán TLAC [**14.5% RWA+** liúntas **3.5%**] bunaithe ar NCWO
 - b) Fo-ordú éigeantach do na bainc Ardleibhéil (13.5% RWA - tuarascáil ÚBE)
 - c) Solúbthacht oiriúnaithe d'údaráis chun leibhéil níos airde fo-ordaithe a chur de cheanglas i gcás na mbanc uile:
 - i) suas go dtí 8% TLOF nó [**X**]% de shócmhainní ualaithe ó thaobh riosca (RWA)
 - ii) faoi coinníollacha soiléire (meastóireacht NCWO, [**e. g. nochtadh cistí poiblí do chailliúint a sheachaint**])
 - d) Solúbthacht d'Údaráis Réitigh leibhéil níos airde fo-ordaithe a chur de cheangal [**suas go leibhéal áirithe**] i gcás na mbanc is aslúití arna sainiú i gcomhréir leis an riosca a bhaineann leo agus leis an bhféidearthacht a bheadh ann aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar inréititheacht.

C. DÍOLÚINTÍ Ó RAON FEIDHME CRR/CRD

- Cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu na 14 bhanc le haghaidh spreagtha a dhíolmhú mar a iarrann an Ballstát dá dtagraítear i mír 26, nó gan iad a dhíolmhú